



OIFIG AN CHOIMISINÉARA COSANTA SONRAÍ

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Scéim Teanga 2017-2020

Caibidil 1 Réamhrá agus Cúlra	3
1.1 Treoirlínte / Ullmhú na Scéime.....	3
1.2 Ábhar na Scéime Teanga	3
1.3 Dáta tosaithe na Scéime	4
1.4 Forbhreathnú ar Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí	4
1.4.1 Sainordú agus Misean	4
1.4.2 Príomhfheidhmeanna na hOifige	5
1.4.3 Custaiméirí agus Cliant	5
Caibidil 2 Modhanna Cumarsáide leis an bPobal	6
2.1 Foilseacháin	6
2.2 Cumarsáid leictreonach.....	6
Caibidil 3 Feabhas a chur ar Sheirbhísí atá le soláthar go dátheangach	7
3.1 Feabhas a chur ar sheirbhísí	7
3.2 Tiomantas ginearálta d’fhorbairt na seirbhíse Gaeilge	7
3.3 Foilseacháin	7
3.4 Cumarsáid leictreonach.....	7
3.5 Seirbhís Teileafóin	8
3.6 Teagmháil Aghaidh ar Aghaidh.....	8
3.7 Preas/Poiblíocht	9
Caibidil 4 Inniúlacht Foirne a Fhorbairt	10
4.1 Tiomantas	10
Caibidil 5 Monatóireacht agus Athbhreithniú	11
Caibidil 6 Scéim Chomhaontaithe a Fhoilsiú	12

Caibidil 1 Réamhrá agus Cúlra

D’ullmhaigh Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí an scéim seo de réir Alt 15 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (“an tAcht”). Tá foráil in Alt 15 chun go bhféadfaidh Comhlachtaí Poiblí scéim reachtúil a ullmhú ina dtugtar mionsonraí faoi na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil:

- trí mheán na Gaeilge
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

Agus cuirfear na bearta atá le glacadh lena chinntiú go mbeidh aon tseirbhís nach gcuireann an comhlacht ar fáil trí mheán na Gaeilge ar fáil laistigh de thréimhse ama comhaontaithe. Tá foráil in Alt 15 den Acht d’athbhreithniú na scéimeanna atá ann cheana féin.

1.1 Treoirínte / Ullmhú na Scéime

Tá foráil in Alt 12 den Acht chun go bhféadfaidh an tAire Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta na treoirínte a ullmhú agus iad a eisiúint chuig comhlachtaí poiblí chun cuidiú le dréachtscéimeanna a ullmhú.

D’fhoilsigh an CCS fógra ar a láithreán gréasáin faoi Altanna 13 agus 15(3) den Acht ar an 5 Iúil, 2017, ag tabhairt cuireadh do pháirtithe leasmhara aighneachtaí a dhéanamh maidir le hullmhú na dréachtscéime. Ní bhfuarthas aon aighneachtaí maidir leis an scéim seo.

Rinne Oifig an Choimisinéara Teanga iniúchadh ar fheidhmiú ár dtríú scéim sa bhliain 2016 agus cuireadh na torthaí ar an bpróiseas athbhreithnithe chuig an oifig seo.

Cuireadh tuarascáil Oifig an Choimisinéara Teanga san áireamh agus an Scéim seo á forbairt chomh maith le tuairimí agus moltaí a chuir foireann na hOifige ar aghaidh. Tá an CCS buíoch as an am agus as an iarracht atá curtha isteach sa phróiseas seo ag na daoine lena mbaineann sé.

Tá an Scéim seo bunaithe ar na gealltanais go léir in aon scéim roimhe seo a bheith curtha i bhfeidhm. Sa chás nár cuireadh gealltanais a tugadh i scéimeanna roimhe seo i bhfeidhm go hiomlán go dtí seo, beidh an t-ábhar seo ina ábhar cainte le hOifig an Choimisinéara Teanga.

1.2 Ábhar na Scéime Teanga

Tá an CCS tiomanta do na hoibleagáidí atá leagtha síos anseo sa cheathrú Scéim d’Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí a chomhlíonadh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Le linn shaolré na chéad trí scéim, lean an CCS ag cur feabhais ar infhaighteacht agus ar leibhéil na seirbhísí a bhí ar fáil trí Ghaeilge. Cuireann an Oifig gach bileog, treoir agus foirm a bhaineann le Cosaint Sonraí ar fáil go dátheangach faoi aon chlúdach amháin. Tá leagan Gaeilge dár láithreán gréasáin ag an Oifig agus tá an chuid is mó den ábhar ann ar fáil go dátheangach anois. Tá ár gcuid seirbhísí ar líne go léir ar fáil go dátheangach freisin.

1.3 Dáta tosaithe na Scéime

Tá an Scéim seo daingnithe ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tosóidh an Scéim le héifeacht ón 01 Samhain 2017, agus fanfaidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana ón dáta seo nó go mbeidh Scéim nua deimhnithe, ag an Aire de bhun Alt 15 den Acht, cibé acu is déanaí.

1.4 Forbhreathnú ar Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí

1.4.1 Sainordú agus Misean

Is é an Coimisinéir Cearta Sonraí an t-údarás neamhspleách náisiúnta atá freagrach as seasamh le ceart bunúsach an AE atá ag duine chun go dtabharfaí cosaint dá gcuid sonraí pearsanta. Ceapann an Rialtas an Coimisinéir Cosanta Sonraí agus tá an té sin neamhspleách i bhfeidhmiú a cuid feidhmeanna. Tá cumhachtaí, dualgais agus feidhmeanna reachtúla an Choimisinéara faoi mar a bunaíodh iad faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003, agus faoi Threoir um Chosaint Sonraí an AE 1995.

Achtaíodh creat dlíthiúil um chosaint sonraí nua ag leibhéal an AE a bheidh infheidhmithe ó Bhealtaine 2018, a thiocfaidh in áit Threoir Cosanta Sonraí an AE 1995 agus a mbeidh cód nua-aimseartha aige a thabharfaidh léargas níos mó ar an aeráid theicneolaíochta atá ag teacht chun cinn. Tá Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (an RGCS) agus Rialachán um 'Príobháideacht leictreonach' nua sa chreat dlíthiúil nua seo.

Cuireann an RGCS oibleagáidí suntasacha breise ar eagraíochtaí, chomh maith le cearta neartaithe níos mó a thabhairt do dhaoine aonair chun go dtabharfar cosaint agus cumhdach dá sonraí pearsanta. Tá bearta sa Rialachán um 'Príobháideacht leictreonach' nua atá dírithe ar rúndacht agus slándáil ghníomhaíochtaí an duine aonair ar líne a fheabhsú, lena n-áirítear ríomhphoist agus teachtaireachtaí ar an toirt atá bunaithe ar an idirlíon. Mar a fhoráiltear sa dréacht-Rialachán, beidh na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta neamhspleácha atá freagrach as monatóireacht a dhéanamh agus feidhmiú an RGCS freagrach freisin as na rialacha nua um 'Príobháideacht leictreonach' a chur i bhfeidhm.

Tugann an RGCS cumhachtaí agus oibleagáidí i bhfad níos leithne freisin d'Údaráis Chosanta Sonraí an AE, a ndéanfar Údaráis Mhaoirseachta díobh faoin réimeas nua. Faoin RGCS, beidh an CCS ar an údarás maoirseachta tosaigh do líon mór de na cuideachtaí teicneolaíochta agus idirlín is mó ar domhan agus beidh a gceanncheathrú san Eoraip bunaithe in Éirinn. Cuireann an RGCS cur chuige comhchuí ar fáil chun go bhféadfaidh Údaráis Mhaoirseachta an creat dlíthiúil nua a léiriú agus a fheidhmiú trí mheicníochtaí comhoibrithe agus comhsheasmhachta éagsúla. Cuirfidh na gnéithe athchóirithe de phacáiste an chreata nua go mór le feidhmeanna agus freagrachtaí an CCS, a ndéanfar Údaráis Maoirseachta dó faoin réimeas cosanta sonraí nua.

Is é misean Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí cearta príobháideachta sonraí a chosaint trí chomhlíontacht a spreagadh trí threorú, maoirseacht agus forfheidhmiú.

1.4.2 Príomhfheidhmeanna na hOifige

Tá ról an-tábhachtach ag an gCoimisinéir maidir le cearta cosanta sonraí na milliún duine ar fud an AE a chosaint, mar phríomhrialtóir ar go leor cuideachtaí móra idirlín agus meán shóisialta ilnáisiúnta ar mhórán sonraí atá ag feidhmiú san Aontas Eorpach (AE). Spreagann luas méadaithe nuálaíochta na seirbhísí a chuireann na cuideachtaí seo ar fáil cuid mhór de ghníomhaíochtaí an CCS. Agus í ag baint úsáide as a cuid cumhachtaí reachtúla, tugann an Coimisinéir agus a foireann faoi imscrúdaithe ar ghearáin ó dhaoine aonair, agus aithníonn siad rioscaí i dtéarmaí cosanta sonraí pearsanta i réimse eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha trí iniúchtaí agus cigireachtaí ar an láthair. Féachann an Coimisinéir freisin le daoine a spreagadh le géilleadh níos fearr don reachtaíocht chosanta sonraí trí threoir ardchaighdeán a fhoilsiú, agus forfheidhmiú dlíthiúil ar deireadh thiar thall nuair is gá.

Fuair an CCS acmhainní breise le roinnt blianta chun cumas na heagraíochta a mhéadú mar ullmhúchán d'fheidhmiú an RGCS, lena n-áirítear oifig de chuid an CCS i mBaile Átha Cliath a athbhunú i ndeireadh na bliana 2014 (chomh maith le hOifig Chúl an tSúdaire) agus a thrí oiread acmhainní foirne a bheith ar fáil ó 29 ball foirne sa bhliain 2014 go dtí beagnach 100 faoi dheireadh na bliana 2017. Táthar ag súil go leanfaidh acmhainní na n-eagraíochtaí ag leathnú go mór thar shaolré na Scéime seo.

Tá tuilleadh faisnéise ar ár láithreán gréasáin www.cosantasonrai.ie nó www.dataprotection.ie nó trí theagmháil a dhéanamh lenár n-Oifig ar 076 104800.

1.4.3 Custaiméirí agus Cliaint

Seirbhís do Chustaiméirí

Is éard atá i gcustaiméirí na hOifige seo go bunúsach ábhar sonraí (i.e. duine aonair) nó rialtóirí sonraí (eagraíocht a bhailíonn agus a rialaíonn sonraí pearsanta) nó próiseálaithe sonraí (eagraíocht a dhéanann tasc ina n-úsáidtear sonraí pearsanta, thar ceann rialtóra sonraí) nó ionadaí d'aon cheann díobh seo. Tá sé mar aidhm againn seirbhís a chur ar fáil go héifeachtúil agus go héifeachtach, agus le cúirtéis agus an t-íosmhéid moille agus tugaimid barántas ómós a thabhairt do chearta gach páirtí agus an tseirbhís á cur ar fáil.

An méid seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge cheana féin

Is é príomhchuspóir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 infhaighteacht níos fearr agus caighdeán seirbhísí poiblí níos airde trí Ghaeilge a chinntiú. Rinneadh gealltanais thábhachtacha sna Scéimeanna Teanga a bhí againn roimhe seo le feabhas a chur ar an leibhéal seirbhíse trí Ghaeilge. Tá na gealltanais seo go léir curtha i gcrích lena n-áirítear forbairt leanúnach ar ábhar ar an leagan Gaeilge dár láithreán gréasáin a forbraíodh le linn na chéad scéime, seirbhísí nua ar líne atá á gcur ar fáil go dátheangach ag an am céanna agus

gach bileog, treoir agus foirm a chuireann an Oifig ar fáil á gcur ar fáil go dátheangach faoi aon chlúdach amháin.

Is é cuspóir an ceathrú scéim seo leanúint ag cur na ngealltanas seo ar fáil agus tógáil ar an dul chun cinn atá bainte amach ar fud na heagraíochta go dtí seo, de réir mar a cheadaíonn na hacmhainní atá ar fáil. Leanfaidh an CCS ag déanamh monatóireachta ar leibhéal na bhfiosruithe, na ngearán agus na n-iarratas lena chinntiú go gcomhlíonann na seirbhísí a chuirtear ar fáil faoin Scéim éileamh na gcustaiméirí go hiomlán ar bhealach atá beartaithe agus inrochtana.

Caibidil 2 Modhanna Cumarsáide leis an bPobal

Déanann an Oifig cumarsáid leis an bPobal trí:

- a) Mhodhanna scríofa, lena n-áirítear cumarsáid leictreonach
- b) Acmhainn idirphearsanta

2.1 Foilseacháin

Modhanna Cumarsáide leis an bPobal / Faisnéis don Phobal

Déanann an Oifig cumarsáid leis an bpobal i gcoitinne trí:

- Bileoga Faisnéise
- Foilseacháin
- Preaseisiúintí
- Láithreáin Ghréasáin
- Cur i láthair
- Óráidí agus cur i láthair ag comhdhálacha ón gCoimisinéir agus ó bhaill foirne eile
- Agallaimh sna Meáin & Feachtais Faisnéise
- Comhairliúcháin le heagraíochtaí éagsúla
- Tuarascáil Bhliantúil
- Na Meáin Shóisialta

Tá na Tuarascálacha Bliantúla, an chuid is mó de na cáipéisí treoracha agus bileoga faisnéise dátheangach.

Eisítear formhór phreasráiteas an CCS go dátheangach; tá óráidí, cur i láthair agus agallaimh sna meáin a rinne an Coimisinéir nó oifigigh shinsearacha na hOifige áfach, ar fáil sa(sna) teanga(cha) inar cuireadh ar fáil iad.

2.2 Cumarsáid leictreonach

Tá ábhar agus treoir mhionsonraithe i nGaeilge ar fáil anois ar ár láithreán gréasáin Gaeilge, www.cosantasonrai.ie. Tá fiosrúcháin (trí eolas@cosantasonrai.ie), seirbhísí clárúcháin, agus an fhoirm fógartha um shárú sonraí ar líne don earnáil teileachumarsáide de bhun Rialacháin an Choimisiúin (AE) 611/2013 ar fáil trí Ghaeilge.

Caibidil 3 Feabhas a chur ar Sheirbhísí atá le soláthar go dátheangach

3.1 Feabhas a chur ar sheirbhísí

Is é fócas an CCS sa cheathrú scéim seo leanúint ar aghaidh ag cur leis an réimse modhanna cumarsáide scríofa agus leictreonacha atá ar fáil go dátheangach ar bhealach seasmhach, ag cur san áireamh leibhéal an éilimh don tseirbhís. Díreoidh an oifig freisin ar inniúlacht na foirne a fhorbairt chun seirbhís Ghaeilge idirphearsanta a chur ar fáil ar leibhéal ginearálta a éascú.

Tá sé i gceist ag an CCS láithreán gréasáin nua a sheoladh faoi Bhealtaine na bliana 2018. Mar atá leagtha amach i ngealltanais a rinneadh i scéimeanna roimhe seo, beidh ábhar agus seirbhísí ar líne an láithreáin ghréasáin nua dátheangach de réir mar is cuí.

3.2 Tiomantas ginearálta d'fhorbairt na seirbhíse Gaeilge

Tá an Oifig tiomanta d'fhorbairt scileanna Gaeilge a spreagadh i ngach réimse den Oifig chun forbairt a dhéanamh de réir a chéile ar sheirbhís den scoth i nGaeilge do chustaiméirí duine le duine a éascú chun freastal ar an éileamh ar sheirbhísí den sórt sin.

Tugann an Oifig freagra cheana féin ar aon chumarsáid a fhaightear i nGaeilge sa teanga chéanna ach leanfaimid orainn ag forbairt scileanna Gaeilge na foirne chun seirbhís idirphearsanta a chur ar fáil ó lá go lá a éascú tríd an ngrúpa foirne sách beag a bhfuil a ndóthain cumas Gaeilge acu agus an muintín chun na seirbhísí seo a chur ar fáil a mhéadú.

3.3 Foilseacháin

- Eiseofar bileoga, foirmeacha agus treoracha go dátheangach.
- Ó thosóidh an ceathrú scéim seo, geallfaimid gach preaseisiúint a eisiúint ag an am céanna sa dá theanga ach amháin i gcúinsí a bhaineann le ráitis a dhéantar ar fhógra gearr agus nuair nach féidir ábhar (go háirithe ábhar teicniúil) a aistriú laistigh den scála ama a theastaíonn.
- Tagann cuid den Oifig faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014 maidir le taifid a bhaineann le riarachán ginearálta na hoifige. Tá Scéim Foilseacháin um Shaoráil Faisnéise na heagraíochta ar fáil go dátheangach ar ár láithreán gréasáin.

3.4 Cumarsáid leictreonach

- Tá méadú suntasach tagtha le roinnt blianta ar chaighdeán agus ar an méid faisnéise atá ar fáil i nGaeilge ar ár láithreán gréasáin. Leanfaidh an CCS ag cur seirbhíse Gaeilge ar ardchaighdeán ar fáil tríd an gcainéal seo agus cuirfear tuilleadh feabhais ar an tseirbhís seo mar seo a leanas:

- Cinnteoidh an Oifig go mbeidh gach treoir, bileog agus bróisiúr ar fáil go dátheangach ar an láithreán gréasáin nua
- Beidh ábhar treorach nua a fhoilseofar ar an láithreán gréasáin (cé is moite de cháipéisí teicniúla nó ábhar tagartha nach dtagann ón oifig seo) ar fáil go dátheangach.
- Leanfaidh ár seirbhísí ar líne a bheith ar fáil go dátheangach (Tabhair faoi deara: ní bheidh seirbhís Chlárúcháin an CCS riachtanach ón 28 Bealtaine 2018 ar aghaidh).
- Beidh aon seirbhísí ar líne nua a fhorbrófar don phobal ar fáil go dátheangach de réir mar is cuí.
- Leanfar ag forbairt agus ag athbhreithniú teimpléid Ghaeilge de litreacha /cáipéisí a úsáidtear go minic i gcomhréir lenár gcuid seirbhísí, chun an fhoireann a spreagadh chun páirt a ghlacadh i seirbhís i nGaeilge a chur ar fáil ó thús na Scéime.
- Déanfar nuashonrú ar an lámhleabhar reatha den fhoclóir / frásaíocht ábhartha chun athruithe inár dtimpeallacht rialála a léiriú.

3.5 Seirbhís Teileafóin

Ní thagann ach líon beag glaoiteoirí chuig an gCoimisinéir Cosanta Sonraí ag iarraidh a ngó a dhéanamh i nGaeilge. Tá saoráid Deasc Chabhrach ainmnithe ag an CCS atá á fheidhmiú ag roinnt ball foirne ar a seal. Tá gach ball foirne ar an deasc chabhrach ainmnithe ar an eolas faoi na baill foirne éagsúla atá in ann freastal ar iarratas na nglaoiteoirí a gceist a fhreagairt i nGaeilge. Cuirfidh siad an glaoch ar aghaidh chuig an duine ábhartha ar bhealach tráthúil. Más rud é nach bhfuil cainteoir Gaeilge atá in ann déileáil leis an nglaoch ar fáil, míneoidh an té a thóg an glaoch an cás agus tógfaidh an té sin ainm, uimhir agus mionsonraí na ceiste ón té a bhí ag glaoch agus cinnteoidh sé/sí go gcuirfidh an cainteoir Gaeilge glaoch ar ais ar an duine.

Ina theannta sin, leanfaimid orainn ag cur beannú teileafóin dátheangach ar fáil ón bhfoireann ar an deasc chabhrach, lena n-áirítear ag tabhairt ainm na hOifige i nGaeilge agus i mBéarla araon. Leanfaimid orainn freisin ag tairiscint oiliúna go tráthrialta don fhoireann lena chinntiú go bhféadfaidh siad tacú leis na seirbhísí seo. Leanfaidh an fhoireann atá in ann seirbhís i nGaeilge a chur ar fáil ag fágáil leagan dátheangach dá gcuid teachtaireachtaí teileafóin.

3.6 Teagmháil Aghaidh ar Aghaidh

Sa chás go dtagann duine den phobal chuig an Oifig gan fógra agus nach bhfuil ball foirne ar fáil chun casadh leis an duine, déanfar taifeadadh ar shonraí an chliaint, agus cuirfear ar aghaidh iad chuig an ball foirne ábhartha chun gníomh a dhéanamh.

Mar mhalairt air sin, roghnaíonn cliant coinne a dhéanamh chun casadh leis an duine nó na daoine atá ag déileáil lena gcás. Leanfaidh an tseirbhís ag feidhmiú mar seo a leanas ó thosóidh an Scéim nua:

- Ceapacháin: Déanfar éascú ar chliant a dteastaíonn seirbhís i nGaeilge uathu, agus a iarrann cruinniú chun a chás nó a cás a phlé, trí chasadh leis an mball foirne sin a dtabharfaidh ball foirne eile atá inniúil sa teanga cúnamh dóibh más gá.
- Neamhfhoirmiúil/Buail isteach: Beidh rochtain ag cliant ar chainteoir Gaeilge má tá duine mar sin ar fáil san Oifig ag an am. Seachas sin, tairgfidh muid sonraí teagmhála agus coinne leis an oifigeach cuí.

3.7 Preas/Poiblíocht

Geallfaimid gach preaseisiúint a eisiúint ag an am céanna sa dá theanga ach amháin i gcúinsí a bhaineann le ráitis a déantar ar fhógra gearr agus sa chás nach féidir aistriúchán den ábhar (go háirithe ábhar teicniúil) a chur ar fáil laistigh den scála ama a theastaíonn.

Beidh urlabhraí ón Oifig seo ar fáil i gcónaí do na meáin chumarsáide chun seirbhís i nGaeilge a chur ar fáil, má thugtar fógra roimh ré, ó thosóidh an Scéim.

Caibidil 4 Inniúlacht Foirne a Fhorbairt

4.1 Tiomantas

Tá gach ball foirne den CCS ar an eolas faoi na gealltanais atá againn faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus an Scéim Reachtúil seo chun seirbhís ardchaighdeán a chur ar fáil trí Ghaeilge. Leanfaidh lucht na hoifige ag cinntiú go dtuigeann an fhoireann éirim an Achta, go dtuigeann siad na riachtanais dhlíthiúla phráinneacha agus an tiomantas chun seirbhís fheabhsaithe beagán ar bheagán a chur ar fáil agus an tseirbhís sin a fheiceáil mar chuid lárnach den ghealltanas do sheirbhís ardchaighdeán do chliant.

Tá ár gcuid seirbhísí a chur ar fáil go rathúil i nGaeilge ag brath go mór ar chumas agus ar thoil na foirne é sin a dhéanamh. Tá grúpa beag foirne ag an CCS faoi láthair, a thairg seirbhís i nGaeilge a chur ar fáil bunaithe ar an méid a cheadaíonn a n-inniúlacht. Leanfaidh lucht na hoifige ar aghaidh ag spreagadh na foirne le húsáid a bhaint as an inniúlacht atá acu cheana féin agus cuirfear baill foirne ar an eolas faoi na deiseanna oiliúna a thagann chun cinn sa réimse seo. Má léiríonn aon bhall foirne suim nó má bhíonn siad sásta oiliúint a fháil chun a bheith inniúil sa réimse seo, leanfaimid orainn ag cur oiliúna agus tacaíochta ar fáil dóibh faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil.

Leanfar ag aithint riachtanas oiliúna le linn an Chórais Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta agus cuirfidh an tOifigeach Oiliúna na riachtanais sin isteach i gcláir oiliúna aonaracha agus cineálacha mar is cuí.

Caibidil 5 Monatóireacht agus Athbhreithniú

Coinneoidh an Coiste Ardbhainistíochta feidhmiú na scéime faoi athbhreithniú trí thuiriscí faoi dul chun cinn ón Rannóg Gnóthaí Corparáideacha dhá uair sa bhliain.

Beidh freagracht ar na Cinn Aonaid as:

- oibriú na scéime ó lá go lá agus as monatóireacht leanúnach ar leibhéal an éilimh sna rannóga éagsúla;
- gealltanais agus feidhmiú na n-oibleagáidí a chur ar fáil de réir mar a bhaineann siad lena láthair.

Caibidil 6 Scéim Chomhaontaithe a Fhoilsiú

Cuirfear forálacha na Scéime os comhair an phobail trí na nithe seo a leanas:

- Foilseofar an Scéim féin and nuashonrúcháin ina dhiaidh sin maidir le gealltanais faoi sheirbhísí ar leith a chur ar fáil ar ár láithreán gréasáin agus tabharfar tuairisc fúthu sna Tuarascálacha Bliantúla.
- Ina theannta sin, tapóidh an Oifig gach deis ina idirghníomhaíochtaí le custaiméirí ó lá go lá chun na seirbhísí a chuireann sí ar fáil trí Ghaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú, lena n-áirítear:
 - Custaiméirí a chur ar an eolas go díreach ar bhonn réamhghníomhach faoin rogha déileáil leis an Oifig trí Ghaeilge, mar shampla, trí fhógraí a chur ar taispeáint ag an deasc fáiltithe, ar an láithreán gréasáin agus i bhfoilseacháin ag díriú airde ar infhaighteacht seirbhísí i nGaeilge.
 - Fonótaí a chur isteach ar threoirínnte, bileoga agus foirmeacha iarratais roghnaithe ag míniú go bhfuil na cáipéisí seo ar fáil i nGaeilge freisin (i gcásanna nach gcuirtear ábhar clóite dátheangach ar fáil faoi aon chlúdach amháin).

Cuireadh cóip den Scéim seo ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.